Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9953/26**

**EF 169**
**ECOFIN 713**
**DELACT 93**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3200 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 28.5.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais riosca oibriúcháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3200 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3200 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2026
C(2026) 3200 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.5.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais riosca oibriúcháin**

[…]

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 314(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chun comhpháirteanna an táscaire gnó le haghaidh riosca oibriúcháin a shonrú trí liosta a fhorbairt d'fho-ítimí atá ina gcuid de ríomh an táscaire gnó agus de na heilimintí atá le heisiamh uaidh.

Le hAirteagal 315(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chun a shonrú 'conas a chinnfidh institiúidí na coigeartuithe ar an táscaire gnó' (Airteagal 315(3), pointe (a), lena dtagraítear do chumaisc, éadálacha agus diúscairtí), 'na dálaí ar dá réir a fhéadfaidh na húdaráis inniúla na ceadanna sin a thabhairt' agus 'uainiú na gcoigeartuithe' (Airteagal 315(3), pointí (b) agus (c), lena dtagraítear do dhiúscairtí amháin).

Le hAirteagal 316(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena sonraítear na coinníollacha faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil 'ualach míchuí' ag baint leis an gcaillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh.

Le hAirteagal 317(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena mbunaítear tacsanomaíocht riosca maidir le riosca oibriúcháin agus modheolaíocht chun na teagmhais caillteanais a áirítear sa tacar sonraí maidir le caillteanas a aicmiú.

Le hAirteagal 321(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena sonraítear an chaoi a gcinnfidh institiúidí na coigeartuithe ar a dtacar sonraí maidir le caillteanas tar éis caillteanais ó eintitis nó ó ghníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil a chur san áireamh.

Le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ceanglaítear ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh laistigh de 3 mhí tar éis dó na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fháil, cé acu a dhéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé an dréacht a cuireadh faoina bhráid a fhormhuiniú. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 314(9), pointe (a), Airteagal 314(9), pointe (b), Airteagal 314(10) agus Airteagal 315(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Foilsíodh

páipéar comhairliúcháin ar shuíomh idirlín ÚBE an 20 Feabhra 2024, agus dúnadh an comhairliúchán an 21 Bealtaine 2024. Tar éis an t-aiseolas a fháil le linn an chomhairliúcháin sin, rinne ÚBE leasuithe a ionchorprú sna dréachtchaighdeáin theicniúla. Bhí cuntas mionsonraithe ar an gcaoi ar comhtháthaíodh torthaí an chomhairliúcháin i bhforbairt na dtéacsanna dlíthiúla críochnaitheacha ag gabháil leis na dréachtchaighdeáin theicniúla chríochnaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin.

In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chuir ÚBE a Mheasúnú Tionchair isteach, lena n-áirítear an anailís a rinne sé ar na costais agus ar na sochair a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá an anailís sin ar fáil ag https://www.eba.europa.eu/activities/single-rulebook/regulatory-activities/operational-risk/technical-standards-new-business, leathanaigh 45 go 61 den Tuarascáil Chríochnaitheach.

Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 316(3), Airteagal 317(9), agus Airteagal 321(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh idirlín ÚBE an 6 Meitheamh 2024, agus dúnadh an comhairliúchán an 6 Meán Fómhair 2024. Ina theannta sin, reáchtáil ÚBE ceardlann tionscail an 12 Samhain 2024. Tar éis an t-aiseolas a fháil le linn an chomhairliúcháin sin, rinne ÚBE leasuithe a ionchorprú sna dréachtchaighdeáin theicniúla. Bhí cuntas mionsonraithe ar an gcaoi ar comhtháthaíodh torthaí an chomhairliúcháin i bhforbairt na dtéacsanna dlíthiúla críochnaitheacha ag gabháil leis na dréachtchaighdeáin theicniúla chríochnaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin.

In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chuir ÚBE a Mheasúnú Tionchair isteach, lena n-áirítear an anailís a rinne sé ar na costais agus ar na sochair a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá an anailís sin le fáil ag https://www.eba.europa.eu/activities/single-rulebook/regulatory-activities/operational-risk/regulatory-technical-standards-operational-risk-loss, leathanaigh 40 go 46 den Tuarascáil Chríochnaitheach.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sonraítear leis na caighdeáin theicniúla rialála sin príomhghnéithe den chreat riosca oibriúcháin. Sonraítear leo comhpháirteanna an táscaire gnó trí liosta ítimí agus na heilimintí atá le heisiamh ón táscaire gnó a mhionsonrú. Sonraítear leis na caighdeáin theicniúla rialála freisin an chaoi a gcinnfidh institiúidí na coigeartuithe ar an táscaire gnó tar éis cumasc, éadálacha agus diúscairtí, na dálaí ar dá réir a fhéadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt an táscaire gnó a choigeartú tar éis diúscairtí agus uainiú na gcoigeartuithe tar éis diúscairtí freisin.

Thairis sin, bunaítear leis na caighdeáin theicniúla rialála tacsanomaíocht riosca maidir le riosca oibriúcháin agus modheolaíocht chun na teagmhais chaillteanais a áirítear sa tacar sonraí maidir le caillteanas a aicmiú trí liosta teagmhas caillteanais riosca oibriúcháin a fhorbairt, agus trí threoraíocht a thabhairt maidir le haicmiú caillteanas arna n-aisghabháil go tapa agus caillteanas ó imeachtaí dlíthiúla. Ina theannta sin, sonraítear leis na caighdeáin theicniúla rialála sin na coinníollacha faoinar cheart a mheas go bhfuil ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúil ina ualach míchuí ar institiúidí a bhfuil a dtáscaire gnó cothrom le nó níos mó ná EUR 750 milliún agus nach mó ná EUR 1 bhilliún a dtáscaire gnó. Ar deireadh, sonraítear sna caighdeáin theicniúla rialála sin an chaoi a gcinnfidh institiúidí na

coigeartuithe ar a dtacar sonraí maidir le caillteanas tar éis caillteanais ó eintitis nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil a chur san áireamh.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.5.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais riosca oibriúcháin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[1], agus go háirithe Airteagal 314(9), an tríú fomhír, Airteagal 316(3), an tríú fomhír, Airteagal 316(3), an tríú fomhír, Airteagal 317(9), an tríú fomhír, agus Airteagal 321(2), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Athróg ionadach bunaithe ar ráiteas airgeadais le haghaidh riosca oibriúcháin is ea an táscaire gnó. Na hítimí lena léirítear gnáthoibríochtaí gnó baincéireachta i ráitis airgeadais, ba cheart iad a áireamh sa táscaire sin, agus na heilimintí nach bhfuil ionadaíoch ar ghnáthoibríochtaí gnó baincéireachta mar a liostaítear in Airteagal 314(7) de Rialachán (AE) 575/2013, ba cheart iad a eisiamh ón táscaire gnó. An cinneadh maidir leis na heilimintí ba cheart a áireamh sa táscaire gnó, nó a eisiamh uaidh, agus a chomhpháirteanna éagsúla, ba cheart sin a bheith bunaithe ar an méid a leagtar síos i gcaighdeáin rialála idirnáisiúnta.

(2) I gcás roinnt comhpháirteanna ioncaim agus costais, bheadh sé díréireach luach a bhfo-chomhpháirteanna nó a n-ítimí éagsúla a scaradh. Dá bhrí sin, i gcás ina liostaítear eilimint ioncaim nó chostais i measc na n-ítimí eisiata, ach go bhfuil ítimí ann freisin a liostaítear i measc na n-ítimí atá le cur san áireamh, nó vice versa, ba cheart d'institiúidí a áirithiú nach n-eisiatar, ná nach n-áirítear, na hítimí sin níos mó ná uair amháin.

(3) Chun ailíniú le caighdeáin rialála idirnáisiúnta, ba cheart d'institiúidí ioncam úis agus costais úis a áireamh sa chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne. Ceanglaítear le hAirteagal 314(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar institiúidí an t-ioncam agus na costais uile a eascraíonn as léasanna airgeadais agus oibriúcháin a áireamh sa chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne, lena n-áirítear dímheas agus lagú. Na hítimí a bhaineann le léasanna a áirítear sa chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne den táscaire gnó, ba cheart iad a ailíniú leis na hítimí sin sna Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 16. Dá réir sin, ba cheart d'institiúidí an t-ioncam agus na costais uile ó réadmhaoin infheistíochta a ghineann cíosanna, lena n-áirítear ioncam cíosa ó réadmhaoin infheistíochta, a áireamh sa chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne.

(4) Chun comhsheasmhacht le caighdeáin rialála idirnáisiúnta a áirithiú, ba cheart d'institiúidí an chomhpháirt sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 314(2) de Rialachán (AE)

[1] IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.

Uimh. 575/2013 a ríomh mar shuim sócmhainní áirithe sa chlár comhardaithe. Ós rud é go rannchuidíonn an chomhpháirt sócmhainní le ríomh na comhpháirte úis, léasanna agus díbhinne, ba cheart d'institiúidí na sócmhainní uile ar an gclár comhardaithe a ghineann ioncam úis nó a mbíonn costais úis mar thoradh orthu a áireamh sa chomhpháirt sócmhainní freisin.

(5) Ba cheart d'institiúidí ioncam díbhinne a áireamh sa chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne. Ba cheart ioncam díbhinne na hinstitiúide ó infheistíochtaí i stoic agus i gcistí nach bhfuil comhdhlúite i ráitis airgeadais na hinstitiúide a áireamh san ioncam díbhinne, lena n-áirítear ioncam díbhinne ó fhochuideachtaí neamh-chomhdhlúite, ó ghnólachtaí comhlachaithe agus ó chomhfhiontair.

(6) Ba cheart d'institiúidí ioncam oibriúcháin eile a áireamh sa chomhpháirt seirbhíse. Ba cheart ioncam ó ghnáthoibríochtaí nach n-áirítear in ítimí eile an táscaire gnó ach atá de chineál comhchosúil a áireamh in ioncam oibriúcháin eile.

(7) De bhun Airteagal 314(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, áireoidh institiúidí sna costais oibriúcháin eile a gcostais agus a gcaillteanais ó theagmhais riosca oibriúcháin. Na teagmhais riosca oibriúcháin sin, is féidir iad a bheith i bhfoirmeacha éagsúla i ráiteas airgeadais institiúide, lena n-áirítear costais, caillteanais, soláthairtí, lagú agus dímheas. Dá bhrí sin, ba cheart d'institiúidí tionchair uile teagmhas riosca oibriúcháin a dhéanann difear dá ráitis airgeadais a áireamh ina gcostais oibriúcháin eile, gan beann ar an gcaoi a ndéantar na costais sin a lipéadú nó ar an gcaoi a dtugtar cuntas orthu. Ós rud é go sonraítear le hAirteagal 314(7), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nach bhfuil préimheanna arna n-íoc agus íocaíochtaí arna bhfáil ó pholasaithe árachais nó athárachais arna gceannach le háireamh agus an táscaire gnó á ríomh, fágann sé sin gur cheart na costais sin a bheith comhlán ar pholasaithe árachais nó athárachais arna gceannach. Mar sin féin, ba cheart na costais sin a bheith glan ar aisghabhálacha seachas árachas agus athárachas. Ba cheart a áireamh ar na costais sin freisin caillteanais eisceachtúla a fhéadfaidh institiúidí a eisiamh ó ríomh a gcaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúil tar éis an cead dá dtagraítear in Airteagal 320(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a fháil.

(8) Chun faisnéis chuí uileghabhálach a fháil maidir leis an áit a dtugtar cuntas ar thionchair airgeadais na dteagmhas riosca oibriúcháin i ráiteas airgeadais institiúide, ba cheart d'institiúidí na tionchair airgeadais sin a mhiondealú de réir phríomhítimí an ráitis brabúis agus caillteanais i gcás ina dtugtar cuntas ar na tionchair sin.

(9) Ba cheart d'institiúidí ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin a áireamh sa chomhpháirt seirbhíse. Ba cheart a áireamh leis sin ioncam a fhaightear ó chomhairle agus seirbhísí a sholáthar, agus ioncam a fhaigheann an institiúid mar sheachfhoinsitheoir seirbhísí airgeadais.

(10) Ba cheart d'institiúidí costais táillí agus coimisiúin a áireamh sa chomhpháirt seirbhíse. Ba cheart a áireamh leis sin costais arna n-íoc as comhairle agus seirbhísí a fháil agus táillí seachfhoinsithe arna n-íoc ag an institiúid as seirbhísí airgeadais a sholáthar, ach ba cheart a eisiamh leis táillí seachfhoinsithe arna n-íoc as seirbhísí neamhairgeadais a sholáthar, amhail táillí lóistíochta, TF nó acmhainní daonna.

(11) D'fhéadfadh cineálacha áirithe oibríochtaí nó roghanna cuntasaíochta, lena n-áirítear fálú eacnamaíoch ar luach cóir trí shuíomhanna brabúis agus caillteanais, agus ladhráil díorthach atá leabaithe in ionstraimí airgeadais hibrideacha nó struchtúrtha óstaigh, a bheith ina gcúis le méadú gan údar ar an gcomhpháirt airgeadais, a mbeartaítear ina foirmle suim luachanna absalóideacha bhrabús agus chaillteanas chomhpháirt an leabhair trádála agus chomhpháirt an leabhair baincéireachta. I bhfálú eacnamaíoch, is é is cúis leis

an méadú gan údar sin go bhfuil cineálacha éagsúla oibríochtaí ann a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile ach atá ar mhalairt comhartha ó thaobh brabúis agus caillteanais de. Nuair a thaifeadtar iad i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta, tugtar cuntas ar mhéideanna na n-oibríochtaí sin i gcomhpháirteanna éagsúla den táscaire gnó (i.e. comhpháirt an leabhair trádála agus comhpháirt an leabhair baincéireachta). Dá bhrí sin, ní féidir le hinstitiúidí airgeadais méideanna na n-oibríochtaí sin a ghlanluacháil nuair a ríomhtar na méideanna sin laistigh den chomhpháirt airgeadais. I gcás inarb amhlaidh, ba cheart cead a bheith ag institiúidí an cur chuige teorann stuamachta a ghlacadh, i.e. chun an chomhpháirt airgeadais a ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal I, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(12) Ba cheart d'institiúidí an chomhpháirt trádála a áireamh sa chomhpháirt airgeadais, ina bhfuil glanbhrabús nó glanchaillteanas ar shócmhainní agus ar dhliteanais trádála, ó chuntasaíocht fálaithe, agus ó dhifríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte.

(13) Ba cheart d'institiúidí an chomhpháirt bhaincéireachta a áireamh sa chomhpháirt airgeadais, ina bhfuil glanbhrabús nó glanchaillteanais ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais an leabhair neamhthrádála, mar aon le glanbhrabús nó glanchaillteanais ó chuntasaíocht fálaithe agus ó dhifríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte i gcás ítimí sa leabhar neamhthrádála. Na caillteanais a dtugtar cuntas orthu cheana agus na sócmhainní atá ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh riosca creidmheasa á ríomh, níor cheart iad a áireamh sa chomhpháirt bhaincéireachta.

(14) Chun cosc a chur ar mhí-úsáid an chur chuige teorann stuamachta, níor cheart an coincheap 'méadú gan údar ar an gcomhpháirt airgeadais' i gcás fálú eacnamaíoch a leathnú chun brabús agus caillteanas ionstraimí fálaithe sa leabhar trádála a chumhdach nach bhfuil baint shoiléir acu le brabús agus caillteanas ionstraimí fálaithe sa leabhar neamhthrádála arna luacháil ar luach cóir trí bhrabús agus caillteanas, nó le cásanna nach gcomhlíonann institiúidí rialacha agus coinníollacha an chur chuige teorann stuamachta a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal I, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go hiomlán. Thairis sin, ba cheart coigeartuithe ar an gcomhpháirt airgeadais a theorannú don mhéid brabúis agus caillteanais a bhaineann le rioscaí a chumhdaítear go héifeachtach leis an bhfálú, agus brabús agus caillteanas cuntasaíochta na n-ítimí fálaithe a fhritháireamh go hábhartha.

(15) Na hinstitiúidí a bhfuil sé beartaithe acu an cur chuige teorann stuamachta a ghlacadh, ba cheart dóibh a bheith in ann brabús agus caillteanas na suíomhanna uile arna sealbhú sa leabhar trádála stuamachta agus sa leabhar neamhthrádála stuamachta a ríomh, thar na 3 bliana airgeadais atá beartaithe chun an chomhpháirt airgeadais a ríomh. I gcás fálú eacnamaíoch, ba cheart d'institiúidí a bheith in ann brabús agus caillteanas ionstraimí fálaithe agus fáluithe gaolmhara a shainaithint, na fáluithe a nascadh leis na rioscaí fálaithe, agus an ghaolmhaireacht fálaithe a dhoiciméadú i gcomhréir le cuspóirí bainistíochta riosca na hinstitiúide. Ní hionann na ríomhanna sin agus an ríomh a dhéantar faoin gcur chuige cuntasaíochta agus níl siad bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta chomhchuibhithe ná faoi réir tuarascálacha maoirseachta tréimhsiúla. Dá bhrí sin, níor cheart cead a thabhairt ach d'institiúidí a bhfuil beartais, nósanna imeachta, córais agus rialuithe i bhfeidhm acu chun na ríomhanna sin a dhéanamh ar bhealach cuí agus chun méideanna brabúis agus caillteanais a shainaithint i gcás fálú eacnamaíoch, agus iad á ndoiciméadú i gceart, an cur chuige teorann stuamachta a ghlacadh.

(16) Chun arbatráiste rialála a chosc trí úsáid roghnaithe a bhaint as an gcur chuige teorann stuamachta i mblianta áirithe den ríomh, ba cheart d'institiúidí an cur chuige teorann stuamachta a chur i bhfeidhm le haghaidh na 3 bliana airgeadais uile atá beartaithe chun an

táscaire gnó a ríomh. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag institiúidí an cur chuige teorann stuamachta a úsáid in éineacht leis an gcur chuige cuntasaíochta le haghaidh eintitis áirithe laistigh den ghrúpa céanna nó cineálacha áirithe oibríochtaí nó roghanna cuntasaíochta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le heisiúintí struchtúrtha a fhálú. Go háirithe, i gcás nach gcuireann institiúidí an cur chuige teorann stuamachta i bhfeidhm ach amháin maidir le cineálacha roghnaithe oibríochtaí, ba cheart dóibh an cur chuige cuntasaíochta a úsáid don chuid atá fágtha den chlár comhardaithe.

(17) Chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar ghlacadh an chur chuige teorann stuamachta, ba cheart d'institiúidí a bhfuil sé beartaithe acu an cur chuige sin a ghlacadh doiciméadacht agus faisnéis leordhóthanach a sholáthar dá n-údaráis inniúla sula gcuirfear chun feidhme é. Na hinstitiúidí nach bhfuil sé beartaithe acu an cur chuige teorann stuamachta a úsáid ach go páirteach, ar an gcúis chéanna, ba cheart dóibh faisnéis maidir leis an gcur chuige cuntasaíochta a áireamh freisin san fhógra.

(18) I gcás nach gcomhlíontar a thuilleadh aon choinníoll lena gceadaítear an cur chuige teorann stuamachta a ghlacadh, ba cheart d'institiúidí filleadh ar an gcur chuige cuntasaíochta. Chun arbatráiste rialála a chosc, níor cheart d'institiúidí athrú idir an dá chur chuige sin go rómhinic.

(19) Ó thaobh riosca oibriúcháin de, níl difríocht choincheapúil idir táirgí nó seirbhísí athárachais agus táirgí nó seirbhísí airgeadais a n-áirítear a n-ioncam agus a gcostais a eascraíonn as a ndáileadh laistigh den táscaire gnó, de ghnáth faoi ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin nó faoi chostais ó tháillí agus ó choimisiúin. Dá bhrí sin, níor cheart d'institiúid an t-ioncam agus na costais uile a eascraíonn as táirgí nó seirbhísí árachais nó athárachais a dhíol nó a dháileadh a eisiamh ó ríomh an táscaire gnó.

(20) D'fhéadfaí, i gcásanna sonracha, cuntas a thabhairt ar thionchair airgeadais áirithe a bhaineann le sócmhainní léasa nó a eascraíonn as teagmhais riosca oibriúcháin, nó as na táillí seachfhoinsithe a íoctar as seirbhísí airgeadais a sholáthar, faoi na hítimí seo a leanas, a liostaítear in Airteagal 314(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: costais riaracháin, lena n-áirítear costais foirne, dá dtagraítear in Airteagal 314(7), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, dímheas sócmhainní inláimhsithe, amúchadh sócmhainní doláimhsithe dá dtagraítear in Airteagal 314(7), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus lagú nó cealú lagaithe dá dtagraítear in Airteagal 314(7), pointe (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcásanna den sórt sin, níor cheart d'institiúidí na tionchair airgeadais sin a eisiamh ó ríomh an táscaire gnó.

(21) I gcás éadálacha, cumasc nó diúscairtí, d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ann idir na ceanglais chaipitil le haghaidh riosca oibriúcháin agus próifíl riosca éifeachtach institiúide ar leith mar thoradh ar bhreithniú na tréimhse 3 bliana airgeadais bunaithe ar ráitis airgeadais chun an táscaire gnó a ríomh. Is gá, dá bhrí sin, modh a leagan síos chun coigeartú an táscaire gnó a chinneadh i gcás cumasc, éadálacha nó diúscairtí, agus na coinníollacha maidir leis an gcead a thabhairt méideanna a bhaineann le heintitis dhiúscartha nó le gníomhaíochtaí a eisiamh ón táscaire gnó, rud a áiritheoidh ailíniú níos fearr idir ceanglais chaipitil institiúidí agus próifíl riosca éifeachtach na n-institiúidí.

(22) Athróg ionadach bunaithe ar ráiteas airgeadais le haghaidh riosca oibriúcháin is ea an táscaire gnó. Dá bhrí sin, ba cheart d'institiúidí, i bprionsabal, a gcoigeartú tar éis cumasc nó éadálacha a bhunú ar ráiteas airgeadais iniúchta na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil. Mar sin féin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag institiúidí maidir le sraith stairiúil sonraí cruinne a aisghabháil a bhaineann leis na heintitis nó na gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil thar an tréimhse 3 bliana airgeadais atá le breithniú chun an oibríocht a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag institiúidí

roghanna ríofa malartacha a úsáid i gcás nach bhfuil na sonraí stairiúla a bhaineann leis an eintiteas nó leis na gníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc ar fáil nó cruinn chun an tréimhse iomlán atá ábhartha maidir le ríomh a dtáscaire gnó a chumhdach. Ba cheart na modhanna ríofa malartacha sin a bheith sách coimeádach.

(23) D'fhéadfadh sé nach dtabharfadh diúscairt gnólachta nó eintitis le tuiscint i gcónaí go ndéantar an riosca oibriúcháin a bhaineann leis an eintiteas diúscartha nó leis na gníomhaíochtaí diúscartha a aistriú go hiomlán chuig an eintiteas éadála. Féadfar foráil a dhéanamh le téarmaí agus coinníollacha na diúscartha maidir le socrú slánaíochta i gcás dliteanais nó caillteanais nua a eascraíonn as teagmhais riosca oibriúcháin a tharlaíonn roimh an diúscairt. Dá bhrí sin, i gcás diúscairtí, ba cheart a áirithiú leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis inniúla an cead dá dtagraítear in Airteagal 315(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dheonú, go háirithe, nach measfar an t-eintiteas nó an ghníomhaíocht a dhiúscraítear a bheith ábhartha a thuilleadh do phróifíl riosca na hinstitiúide.

(24) De bhun Airteagal 316(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh institiúidí a bhfuil táscaire gnó acu atá cothrom le EUR 750 milliún nó níos mó, sa bhreis ar chomhpháirt an táscaire gnó, sonraí a thiomsú maidir le caillteanais riosca oibriúcháin agus a gcaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúla a ríomh. Na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le riosca oibriúcháin, lena n-áirítear iad siúd ó Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, ceanglaítear leo go n-aicmeofar teagmhais chaillteanais i seacht gcineál teagmhais. Chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh, ba cheart an tacsanomaíocht riosca oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 317(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bheith bunaithe ar na cineálacha teagmhas céanna.

(25) Chun córas aicmithe atá mionsonraithe go leordhóthanach a fháil, ba cheart an dara leibhéal aicmithe a áireamh sa tacsanomaíocht riosca oibriúcháin freisin, bunaithe ar dhea-chleachtais an tionscail. Dá réir sin, na sonraí a bhaineann le teagmhais caillteanais sa tacsanomaíocht riosca oibriúcháin, ba cheart iad a eagrú i gcineálacha teagmhas Leibhéal 1, lena léirítear na macra-imeachtaí ar cheart teagmhas caillteanais a shannadh dóibh, agus catagóirí Leibhéal 2, lena liostaítear ar bhealach níos mionsonraithe gnéithe na gcineálacha teagmhas comhfhreagrach Leibhéal 1. Chun comhchuibhiú a chothú agus teagmhais chaillteanais á dtaifeadadh, ba cheart dearadh catagóirí ar Leibhéal 2 agus tuairisc orthu a fhorbairt i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le dea-chleachtais an tionscail.

(26) Chun léargas iomlán a thabhairt ar chaillteanais institiúide, ba cheart tógáil na tacsanomaíochta riosca oibriúcháin i gcineálacha teagmhais Leibhéal 1 agus i gcatagóirí Leibhéal 2 a cheapadh ionas go mbeidh siad comheisiach agus uileghabhálach le chéile, gan aon chatagóir iarmharach ag gabháil leo.

(27) Cé gur cheart cineálacha teagmhas Leibhéal 1 agus catagóirí Leibhéal 2 a bheith uileghabhálach faoi threoir caillteanas riosca oibriúcháin, d'fhéadfadh roinnt teagmhas caillteanais a bheith inchurtha i leith tuairisc fhorlíontach chomh maith lena sannadh don chineál teagmhais ábhartha Leibhéal 1 agus don chatagóir ábhartha Leibhéal 2. Chun taifeadadh na faisnéise atá ar fáil maidir le teagmhais chaillteanais a shaibhriú, ba cheart d'institiúidí saintréith amháin nó, i gcás inarb iomchuí, níos mó saintréithe a shannadh do na teagmhais sin. I bhfianaise a gcineáil, níor cheart saintréithe a dhearadh chun go mbeidh siad comheisiach agus uileghabhálach le chéile. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeifí in ann roinnt saintréithe a shannadh do theagmhas caillteanais aonair, lena n-áirítear teagmhais chaillteanais a bhaineann le 'soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (19), de Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle[2], agus ba cheart na saintréithe 'riosca TFC' agus 'riosca tríú páirtí' araon a shannadh dóibh sin freisin.

(28) Chun tuairisc leormhaith a thabhairt ar na caillteanais arna dtabhú ag institiúid, níor cheart d'institiúidí a thaifeadadh ach caillteanais atá ábhartha do ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúil sa tacar sonraí maidir le caillteanas. Mar sin féin, na caillteanais a aisghabhtar laistigh de 5 lá oibre, níor cheart d'institiúidí iad a áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas, toisc go n-aithnítear na caillteanais mar chaillteanais atá á n-aisghabháil go tapa.

(29) Leis an tacsanomaíocht caillteanais riosca oibriúcháin, ba cheart go mbeifí in ann maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an riosca oibriúcháin, agus ba cheart í a bheith comhréireach nuair a chuirtear i bhfeidhm den chéad uair í. Ar an gcúis sin, ba cheart sonraí stairiúla chatagóirí agus shaintréithe Leibhéal 2 a sholáthar ar bhonn na hiarrachta is fearr nó ar bhonn deonach ar feadh na bliana iomláine 2025 ar a laghad. Os a choinne sin, ós rud é nach bhfuil aon athrú ar chatagóirí Leibhéal 1 i gcomparáid leis an gcreat atá ann cheana, ba cheart d'institiúidí sonraí stairiúla a sholáthar i ndáil leis na blianta ó bhí 1 Eanáir 2016 ann ar a laghad.

(30) Féadfaidh cumaisc agus éadálacha oibleagáid a chur ar institiúid an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil i ngeall ar mhéid méadaithe an táscaire gnó a ríomh. Thairis sin, d'fhéadfadh na dúshláin a eascraíonn as comhtháthú na n-eintiteas cumaiscthe nó faighte a cheangal ar institiúidí caillteanais riosca oibriúcháin a ríomh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina ualach míchuí. Dá bhrí sin, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt d'institiúidí an ceanglas a chomhlíonadh maidir leis an gcaillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh.

(31) Ní fhéadfaidh institiúidí táscaire gnó atá cothrom le EUR 750 milliún nó níos mó a thuairisciú ach go sealadach, mar gheall ar imthosca idirthréimhseacha. Dá bhrí sin, bheadh ualach míchuí ar na hinstitiúidí sin an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh nuair nach bhfuil i sárú na tairsí ach eisceacht shealadach laistigh de thréimhse ama áirithe.

(32) In imthosca sonracha, féadfar droichead-institiúidí a chur ar bun chun réiteach na n-institiúidí a bhainistiú. I bhfianaise shainiúlacht na ndroichead-institiúidí agus a gcineáil shealadaigh, bheadh ualach míchuí ar na hinstitiúidí sin an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh. Ar an gcúis sin, ba cheart iad a dhíolmhú ón gceanglas sin.

(33) Na heintitis nó na gníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc, féadfaidh siad caillteanais a thaifeadadh trí thacsanomaíocht riosca a úsáid atá éagsúil le tacsanomaíocht riosca na hinstitiúide tuairiscithe. Chun inchomparáideacht agus comhsheasmhacht na sonraí a áirithiú, ba cheart don institiúid tuairiscithe caillteanais na n-eintiteas arna bhfáil nó arna gcumasc a athaicmiú trí úsáid a bhaint as an tacsanomaíocht riosca dá dtagraítear in Airteagal 317 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(34) Caillteanais na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc, d'fhéadfaidís a bheith in airgeadra atá éagsúil le hairgeadra na hinstitiúide tuairiscithe. Dá bhrí sin, ba cheart d'institiúidí na caillteanais sin a ionchorprú i gcaillteanais na hinstitiúide tuairiscithe agus úsáid á baint, le haghaidh gach bliana den tréimhse 10 mbliana, as an ráta malairte a úsáidtear i ndeireadh na bliana ábhartha.

---

2 Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj).

(35) Féadfaidh eintitis nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil gan caillteanais a thaifeadadh, nó féadfaidh siad caillteanais a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as tacsanomaíocht riosca atá éagsúil leis an tacsanomaíocht dá dtagraítear in Airteagal 317(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 toisc nach gceanglaítear ar na heintitis ná ar na gníomhaíochtaí sin leis an dlí is infheidhme tacar sonraí maidir le caillteanas a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 317(2) den Rialachán sin. D'fhéadfadh sé tarlú freisin nár tháinig eintitis nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil faoi raon feidhme Airteagal 317 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh gach ceann de na 10 mbliana roimh an éadáil nó roimh an gcumasc. Sna cásanna sin, ba cheart d'institiúidí an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh trí úsáid a bhaint as na caillteanais thuairiscithe a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, agus coigeartú á dhéanamh ar an toradh don ráta cumhdaigh nó do na caillteanais thuairiscithe i gcomparáid leis an institiúid ina hiomláine.

(36) Tá dlúthnasc idir forálacha an Rialacháin seo toisc go sonraítear iontu uile príomhghnéithe na gceanglas maidir le riosca oibriúcháin. Chun comhleanúnachas idir na forálacha sin a áirithiú, chun rochtain úsáideoirí deiridh a éascú agus chun é a chur ar a gcumas d'institiúidí na forálacha sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach, ba cheart iad a áireamh in aon Rialachán amháin.

(37) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ÚBE faoi bhráid an Choimisiúin.

(38) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú faoi Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj).

## CUID I
## COMHPHÁIRTEANNA AN TÁSCAIRE GNÓ, EILIMINTÍ ATÁ LE hEISIAMH ÓN TÁSCAIRE SIN, AGUS COIGEARTUITHE AR AN TÁSCAIRE SIN

## TEIDEAL I
## COMHPHÁIRTEANNA AN TÁSCAIRE GNÓ

### CAIBIDIL 1
### An chomhpháirt úis, léasanna agus díbhinne

*Airteagal 1*
**Ioncam úis**

Ríomhfaidh institiúidí an t-ioncam úis dá dtagraítear in Airteagal 314(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar shuim na bhfo-ítimí seo a leanas:

(a) ioncam úis ó shócmhainní airgeadais arna sealbhú le trádáil;

(b) ioncam úis ó shócmhainní airgeadais neamhthrádála arna dtomhas go sainordaitheach ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas;

(c) ioncam úis ó shócmhainní airgeadais atá ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas;

(d) ioncam úis ó shócmhainní airgeadais ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile;

(e) ioncam úis ó shócmhainní airgeadais ag costas amúchta;

(f) ioncam úis ó chuntasaíocht fálaithe – díorthaigh riosca ráta úis;

(g) ioncam úis ar shócmhainní eile;

(h) ioncam úis ar dhliteanais;

(i) ioncam ar léasanna oibriúcháin, lena n-áirítear ioncam cíosa ó réadmhaoin infheistíochta;

(j) ioncam ó athruithe ar luach cóir i réadmhaoin infheistíochta a ghineann cíosanna agus a thomhaistear trí úsáid a bhaint as an tsamhail luacha chóir;

(k) brabúis ó shócmhainní léasaithe, lena n-áirítear gnóthachain ó mhodhnuithe léasa.

*Airteagal 2*
**Caiteachais úis**

Ríomhfaidh institiúidí na costais úis dá dtagraítear in Airteagal 314(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar shuim na bhfo-ítimí seo a leanas:

(a) costais úis ó dhliteanais airgeadais arna sealbhú le trádáil;

(b) costais úis ó dhliteanais airgeadais arna n-ainmniú ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas;

(c) costais úis ó dhliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta;

(d) costais úis ó chuntasaíocht fálaithe – díorthaigh riosca ráta úis;

(e) costais úis ar dhliteanais eile;

(f) costais úis ar shócmhainní;

(g) costais léasaithe oibriúcháin, lena n-áirítear costais oibriúcháin dhíreacha ó réadmhaoin infheistíochta a ghineann cíos;

(h) costais ó athruithe ar luach cóir i réadmhaoin infheistíochta a ghineann cíos agus a thomhaistear trí úsáid a bhaint as an tsamhail luacha chóir;

(i) caillteanais ó shócmhainní léasaithe oibriúcháin;

(j) dímheas agus lagú nó cealú lagaithe sócmhainní léasaithe oibriúcháin a gcuirtear an t-ioncam nó na costais a ghabhann leo san áireamh i ríomh na comhpháirte úis.

Sna fo-ítimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní bheidh aon chostas i ngeall ar theagmhais riosca oibriúcháin. Ina ionad sin, áireoidh institiúidí na costais sin san ítim dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (d)(i).

*Airteagal 3*
**An chomhpháirt sócmhainní**

Ríomhfaidh institiúidí an chomhpháirt sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 314(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar shuim na bhfo-ítimí seo a leanas:

(a) oll-luach de réir na leabhar an iarmhéid airgid thirim i mbainc cheannais agus taiscí prapéilimh eile;

(b) oll-luach de réir na leabhar na n-urrús fiachais;

(c) oll-luach de réir na leabhar na n-iasachtaí agus na n-airleacan

(d) luach cóir na ndíorthach a aicmítear mar shócmhainní airgeadais ar an dáta tagartha chun an chomhpháirt sócmhainní a ríomh, fad agus a aithníodh na sreafaí ó na díorthaigh sin le linn na bliana airgeadais sa chomhpháirt úis;

(e) suim ghlanluacha sócmhainní inláimhsithe agus sócmhainní doláimhsithe atá faoi réir léasa.

Chun críocha phointe (d), áireoidh institiúidí fáluithe trádála agus eacnamaíocha agus cuntasaíocht fálaithe araon.

*Airteagal 4*
**An chomhpháirt díbhinne**

Beidh an chomhpháirt díbhinne dá dtagraítear in Airteagal 314(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 comhdhéanta den ioncam díbhinne ó ionstraimí cothromais agus ó infheistíochtaí araon.

## CAIBIDIL 2
## An chomhpháirt seirbhísí

*Airteagal 5*
**Ioncam oibriúcháin eile**

Ríomhfaidh institiúidí an t-ioncam oibriúcháin eile dá dtagraítear in Airteagal 314(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar shuim na n-ítimí seo a leanas, cé is moite d’aisghabháil costas riaracháin:

(a) ioncam ó athruithe ar luach cóir i sócmhainní inláimhsithe arna dtomhas ag baint úsáid as an tsamhail luacha chóir, seachas ioncam ó athruithe ar luach cóir i réadmhaoin infheistíochta a ghineann cíosanna agus a thomhaistear ag baint úsáid as an tsamhail luacha chóir;

(b) ioncam ó ioncam eile nach bhfuil ann mar gheall ar léasanna;

(c) brabús ó shócmhainní agus grúpaí diúscartha neamhreatha arna n-aicmiú mar shócmhainní agus grúpaí arna sealbhú lena ndíol nach gcáilíonn mar oibríochtaí scortha.

*Airteagal 6*

**Costais oibriúcháin eile**

1. Ríomhfaidh institiúidí na costais oibriúcháin eile dá dtagraítear in Airteagal 314(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar shuim na n-ítimí seo a leanas:

   (a) na costais ó athruithe ar luach cóir i sócmhainní inláimhsithe arna dtomhas ag úsáid na samhla luacha chóir, cé is moite de chostais ó athruithe ar luach cóir i réadmhaoin infheistíochta a ghineann cíosanna agus a thomhaistear ag úsáid na samhla luacha chóir;

   (b) costais ó costais eile nach bhfuil ann mar gheall ar theagmhais riosca oibriúcháin agus nach bhfuil ann mar gheall ar shócmhainní léasaithe;

   (c) caillteanais ó shócmhainní agus grúpaí diúscartha neamhreatha arna n-aicmiú mar shócmhainní agus grúpaí arna sealbhú lena ndíol nach gcáilíonn mar oibríochtaí scortha;

   (d) caillteanais, costais, soláthairtí agus tionchair airgeadais eile atá ann mar gheall ar theagmhais riosca oibriúcháin a dtugtar cuntas orthu in aon ítim den ráiteas brabúis agus caillteanais, lena n-áirítear na caillteanais, na costais, na soláthairtí agus na tionchair airgeadais eile sin a dtugtar cuntas orthu sna hítimí seo a leanas:

      (i) costais úis;

      (ii) costais oibriúcháin eile;

      (iii) costais foirne;

      (iv) costais riaracháin eile;

      (v) dímheas;

      (vi) soláthairtí nó (-) cealuithe soláthairtí;

      (vii) lagú nó (-) cealú lagaithe.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (d), na caillteanais, na costais, na soláthairtí agus na tionchair airgeadais eile atá ann mar gheall ar theagmhais riosca oibriúcháin:

   (a) beidh siad glan ar íocaíochtaí gaolmhara arna bhfáil ó fhoinse eile seachas ó pholasaithe árachais nó athárachais arna gceannach;

   (b) ní bheidh siad glan ar aon íocaíocht ghaolmhar arna fáil ó pholasaithe árachais nó athárachais arna gceannach;

   (c) áireofar iontu na caillteanais eisceachtúla sin a fhéadfar a eisiamh ó ríomh chaillteanas riosca oibriúcháin bliantúil na hinstitiúide, tar éis an cead a fháil ón údarás inniúil de bhun Airteagal 320(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

*Airteagal 7*
**An chomhpháirt ioncaim ó tháillí agus ó choimisiúin**

Áireofar sa chomhpháirt ioncaim ó tháillí agus ó choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 314(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ioncam ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha leis na seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear ioncam ó ghníomhaíochtaí TF is gá chun seirbhís airgeadais a fhorghníomhú. Ríomhfaidh institiúidí an t-ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin mar shuim na n-ítimí seo a leanas:

(a) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó urrúis;

(b) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó airgeadas corparáideach;

(c) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó chomhairle bunaithe ar tháillí;

(d) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó imréiteach agus ó shocraíocht;

(e) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó bhainistíocht sócmhainní;

(f) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó choimeád;

(g) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó sheirbhísí riaracháin lárnacha le haghaidh comhinfheistíochta;

(h) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó idirbhearta muiníne;

(i) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó sheirbhísí íocaíochta;

(j) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó acmhainní custaiméirí a dháiltear ach nach mbainistítear;

(k) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó airgeadas struchtúrtha;

(l) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó ghníomhaíochtaí seirbhísithe ar iasachtaí;

(m) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó ghealltanais iasachta tugtha;

(n) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó ráthaíochtaí airgeadais tugtha;

(o) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó iasachtaí a dheonaítear;

(p) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó mhalairt eachtrach;

(q) ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó thráchtearraí;

(r) ioncam eile ó tháillí agus ó choimisiúin.

*Airteagal 8*
**Comhpháirt na gcostas ó tháillí agus ó choimisiúin**

Áireofar i gcomhpháirt na gcostas ó tháillí agus ó choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 314(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 costais ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha leis na seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear costais ó ghníomhaíochtaí TF is gá chun seirbhís airgeadais a fhorghníomhú. Ríomhfaidh institiúidí na costais ó tháillí agus ó choimisiúin mar shuim na n-ítimí seo a leanas:

(a) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó urrúis;

(b) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó imréiteach agus socraíocht;

(c) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó bhainistíocht sócmhainní;

(d) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó choimeád;

(e) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó sheirbhísí íocaíochta;

(f) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó ghníomhaíochtaí seirbhísithe ar iasachtaí;

(g) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó ghealltanais iasachta faighte;

(h) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó ráthaíochtaí airgeadais faighte;

(i) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó dháileadh táirgí a sholáthraítear go seachtrach;

(j) costais ó tháillí agus ó choimisiúin ó mhalairt eachtrach;

(k) costais eile a bhaineann le táillí agus coimisiúin.

## CAIBIDIL 3
## An chomhpháirt airgeadais

*Airteagal 9*

### An chomhpháirt airgeadais a ríomh

Agus an chomhpháirt airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 314(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á ríomh, úsáidfidh institiúidí ceann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas:

(a) an 'cur chuige cuntasaíochta' faoina ríomhann siad an chomhpháirt airgeadais i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 11 den Rialachán seo ar bhonn an chreata cuntasaíochta is infheidhme;

(b) an 'cur chuige teorann stuamachta' faoina ríomhann siad an chomhpháirt airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo ar bhonn na teorann stuamachta a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal 1, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

  (i) mar thoradh ar chineálacha áirithe oibríochtaí a dhéantar, nó roghanna cuntasaíochta a ghlactar, lena n-áirítear fálú eacnamaíoch ar luach cóir trí shuíomhanna brabúis agus caillteanais nó ladhráil díorthach atá leabaithe in ionstraimí airgeadais hibrideacha óstaigh nó in ionstraimí airgeadais struchtúrtha, tagann méadú gan údar ar an gcomhpháirt airgeadais agus an cur chuige cuntasaíochta á úsáid;

  (ii) tá beartais, nósanna imeachta, córais agus rialuithe i bhfeidhm ag an institiúid chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (1) brabús agus caillteanas ionstraimí fálaithe agus fáluithe gaolmhara a shainaithint, agus na fáluithe gaolmhara sin a nascadh leis na rioscaí fálaithe;

    (2) brabúis agus caillteanais an leabhair trádála stuamachta agus an leabhair neamhthrádála stuamachta a ríomh mar is ceart;

  (iii) leis na beartais, nósanna imeachta, córais agus rialuithe inmheánacha is féidir an ghaolmhaireacht fálaithe agus a hathruithe le himeacht ama a dhoiciméadú bunaithe ar chuspóirí agus roghanna bainistithe riosca;

  (iv) tá srian leis na coigeartuithe ar an gcomhpháirt airgeadais i ndáil leis an méid brabúis agus caillteanais a bhaineann le rioscaí a chumhdaítear go héifeachtach leis

an bhfálú, agus brabús agus caillteanas cuntasaíochta na n-ítimí fálaithe a fhritháireamh go hábhartha.

## ROINN 1
## AN CHOMHPHÁIRT AIRGEADAIS A RÍOMH I GCOMHRÉIR LEIS AN GCUR CHUIGE CUNTASAÍOCHTA

### *Airteagal 10*
### Comhpháirt an leabhair trádála

Agus an chomhpháirt airgeadais á ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige cuntasaíochta, ríomhfaidh institiúidí comhpháirt an leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 314(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar shuim na n-ítimí seo a leanas:

(a) Gnóthachain nó (–) caillteanais ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais arna sealbhú lena dtrádáil, glan;

(b) gnóthachain nó (−) caillteanais ó chuntasaíocht fálaithe, glan, i gcás ina n-úsáidtear cuntasaíocht fálaithe chun sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais arna sealbhú lena dtrádáil a fhálú;

(c) difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte [gnóthachan nó (−) caillteanas], glan, i gcás ina dtagann na difríochtaí sin ó shócmhainní airgeadais agus ó dhliteanais airgeadais arna sealbhú lena dtrádáil.

### *Airteagal 11*
### Comhpháirt an leabhair baincéireachta

Agus an chomhpháirt airgeadais á ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige cuntasaíochta, ríomhfaidh institiúidí comhpháirt an leabhair baincéireachta dá dtagraítear in Airteagal 314(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar shuim na n-ítimí seo a leanas:

(a) gnóthachain nó (-) caillteanais ar dhí-aithint sócmhainní agus dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, glanmhéid;

(b) gnóthachain nó (-) caillteanais ar shócmhainní airgeadais neamhthrádála arna n-ainmniú go sainordaitheach ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas;

(c) gnóthachain nó (-) caillteanais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais arna n-ainmniú ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, glanmhéid;

(d) gnóthachain nó (-) caillteanais ó chuntasaíocht fálaithe, glan, i gcás ina n-úsáidtear cuntasaíocht fálaithe chun sócmhainní agus dliteanais airgeadais cé is moite díobh sin arna sealbhú lena dtrádáil a fhálú;

(e) difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte [gnóthachan nó (-) caillteanas], glan, i gcás ina dtagann na difríochtaí sin ó shócmhainní agus ó dhliteanais airgeadais cé is moite díobh sin arna sealbhú lena dtrádáil.

## ROINN 2
## AN CHOMHPHÁIRT AIRGEADAIS A RÍOMH I GCOMHRÉIR LEIS AN GCUR CHUIGE TEORANN STUAMACHTA

### *Airteagal 12*
### An cur chuige teorann stuamachta

1. Agus an cur chuige teorann stuamachta á úsáid chun an chomhpháirt airgeadais a ríomh, déanfaidh institiúidí na hítimí dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 den Rialachán seo a choigeartú i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal I, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. Cuirfidh institiúidí an cur chuige teorann stuamachta i bhfeidhm go comhsheasmhach lena straitéisí, beartais, nósanna imeachta, córais agus rialuithe, mar a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal 1, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. Féadfaidh institiúidí an cur chuige teorann stuamachta a úsáid i dteannta an chur chuige cuntasaíochta.

   Chun críocha na chéad fhomhíre, féadfaidh institiúidí an cur chuige teorann stuamachta a chur i bhfeidhm maidir le heintitis áirithe laistigh den ghrúpa céanna nó laistigh de chineálacha áirithe oibríochtaí. Sa chás sin, léireoidh institiúidí nach roghnaítear raon feidhme an chur chuige teorann stuamachta chun dul i mbun arbatráiste rialála. Cuirfidh institiúidí an cur chuige cuntasaíochta i bhfeidhm maidir leis an gcuid atá fágtha den chlár comhardaithe. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla maidir le haon athrú ábhartha ar raon feidhme an chur chuige teorann stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 13.

4. Cuirfidh institiúidí an cur chuige teorann stuamachta i bhfeidhm maidir le gach ceann de na 3 bliana airgeadais atá beartaithe chun an chomhpháirt airgeadais a ríomh.

5. I gcás ina gcuireann institiúidí an cur chuige teorann stuamachta i bhfeidhm, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 9, pointe (b).

### *Airteagal 13*
### Nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir leis an gcur chuige teorann stuamachta a úsáid

1. Tabharfaidh institiúidí fógra dá n-údarás inniúil go bhfuil sé beartaithe acu an cur chuige teorann stuamachta a úsáid 90 lá ar a laghad sula gcuirfidh siad tús leis an gcur chuige sin a úsáid.

2. Beidh an méid seo a leanas san fhógra go bhfuil sé beartaithe acu an cur chuige teorann stuamachta a úsáid:

   (a) deimhniú go bhfuil úsáid an chur chuige teorann stuamachta formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta nó ag coiste inmheánach arna ainmniú aige, agus dáta an fhormheasa sin;

   (b) an dáta óna n-úsáidfear an cur chuige teorann stuamachta;

   (c) an tuairisc ar na cineálacha oibríochtaí a rinneadh nó ar na roghanna cuntasaíochta a glacadh a fhágann go dtiocfaidh méadú gan údar ar an gcomhpháirt airgeadais agus ar ionchais na hinstitiúide maidir lena bhforbairt;

   (d) tuairisc ar phunanna chomhpháirt an leabhair trádála agus chomhpháirt an leabhair baincéireachta a ndéanann an méadú gan údar difear dóibh;

(e) luach na bpunann sin dá dtagraítear i bpointe (d) ar dháta tagartha an fhógra, arna shloinneadh mar:

   (i) mhéid barúlach le haghaidh díorthach;

   (ii) mhéid ainmniúil i gcás ionstraimí fiachais;

   (iii) mhargadhluach le haghaidh stoc agus gnóthais chomhinfheistíochta;

(f) nuair a chuireann eintiteas comhdhlúthúcháin an fógra isteach, an ranníocaíocht in aghaidh na fochuideachta leis na punanna dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e);

(g) tuairisc ar na coigeartuithe ar na hítimí dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 mar gheall ar an gcur chuige stuamachta teorann a úsáid;

(h) anailís ar thionchar úsáid an chur chuige teorann stuamachta, ar an dáta tuairiscithe deireanach i gcomparáid leis an gcur chuige cuntasaíochta, ar na nithe seo a leanas:

   (i) comhpháirt an leabhair trádála;

   (ii) comhpháirt an leabhair baincéireachta;

   (iii) an chomhpháirt airgeadais;

   (iv) an táscaire gnó;

   (v) ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin;

(i) i gcás ina gcuireann institiúidí an cur chuige teorann stuamachta i bhfeidhm in éineacht leis an gcur chuige cuntasaíochta i gcomhréir le hAirteagal 12(3):

   (i) tuairisc ar na cineálacha oibríochtaí ar maidir leo a n-úsáidtear an cur chuige cuntasaíochta;

   (ii) anailís ar thionchar úsáid an chur chuige cuntasaíochta, ar an dáta tuairiscithe deireanach i gcomparáid leis an gcur chuige teorann stuamachta, ar na nithe seo a leanas:

      (1) comhpháirt an leabhair trádála;

      (2) comhpháirt an leabhair baincéireachta;

      (3) an chomhpháirt airgeadais;

      (4) an táscaire gnó;

      (5) ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin;

(j) tuairisc ar na beartais, nósanna imeachta, córais agus rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 9, pointe (b)(ii);

(k) tuarascáil ar an athbhreithniú neamhspleách ar fheidhm rialaithe riosca neamhspleách na hinstitiúide, nó ar iniúchadh inmheánach nó seachtrach, maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 9, pointe (b).

3. An tréimhse 90 lá dá dtagraítear i mír 1, ní chuirfear tús léi go dtí go mbeidh an fhaisnéis agus an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 2 iomlán.

4. Tabharfaidh institiúidí an doiciméadacht seo a leanas cothrom le dáta agus soláthróidh siad an nuashonrú sin dá n-údarás inniúil:

(a) ar a laghad uair sa bhliain, an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 2, pointí (c) go (i) agus pointe (k);

(b) an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 2, pointe (j), ach amháin i gcás ina raibh athruithe ann le linn thréimhse úsáide an chur chuige teorann stuamachta.

Chun críocha phointe (a), soláthróidh institiúidí dá n-údarás inniúil an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 2, pointí (h) agus (i) ar dháta tagartha an nuashonraithe ar ríomh an táscaire gnó.

*Airteagal 14*

**Aisiompú chuig an gcur chuige cuntasaíochta**

1. Aisiompóidh institiúidí ar an gcur chuige cuntasaíochta i gcás nach gcomhlíontar aon choinníoll a leagtar amach in Airteagal 9, pointe (b), a thuilleadh.

2. Na hinstitiúidí a d'aisiompaigh ar an gcur chuige cuntasaíochta, cuirfidh siad an cur chuige cuntasaíochta sin i bhfeidhm maidir le gach ceann de na 3 bliana airgeadais atá beartaithe chun an chomhpháirt airgeadais a ríomh.

3. Na hinstitiúidí a d'aisiompaigh ar an gcur chuige cuntasaíochta, ní úsáidfidh siad an cur chuige teorann stuamachta arís le linn na 3 bliana airgeadais ina dhiaidh sin.

*Airteagal 15*

**Nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le haisiompú ar an gcur chuige cuntasaíochta**

1. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla maidir lena n-aisiompú ar an gcur chuige cuntasaíochta 90 lá ar a laghad roimh an aisiompú sin.

2. Beidh an méid seo a leanas san fhógra faoi aisiompú ar an gcur chuige cuntasaíochta:

(a) deimhniú go bhfuil aisiompú ar an gcur chuige cuntasaíochta formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta nó ag coiste inmheánach arna ainmniú ag an gcomhlacht bainistíochta sin, agus dáta an fhormheasa sin;

(b) an dáta óna n-úsáidfear an cur chuige cuntasaíochta;

(c) faisnéis faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 9, pointe (b), nach bhfuil á gcomhlíonadh a thuilleadh;

(d) anailís ar thionchar an aisiompaithe ar an gcur chuige cuntasaíochta, ar an dáta tuairiscithe deireanach i gcomparáid leis an gcur chuige teorann stuamachta, ar na nithe seo a leanas:

(i) comhpháirt an leabhair trádála;

(ii) comhpháirt an leabhair baincéireachta;

(iii) an chomhpháirt airgeadais;

(iv) an táscaire gnó;

(v) ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin;

(e) tuarascáil ar an athbhreithniú neamhspleách ar fheidhm rialaithe riosca neamhspleách na hinstitiúide, nó ar iniúchadh inmheánach nó seachtrach, maidir leis na pointí (c) agus (d).

## TEIDEAL II
## EILIMINTÍ ATÁ LE hEISIAMH ÓN TÁSCAIRE GNÓ

*Airteagal 16*

**Raon feidhme na n-eisiamh ón táscaire gnó**

1. Chun críocha Airteagal 314(7), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní dhéanfaidh institiúidí ioncam ná costais an táscaire gnó a eascraíonn as dáileadh táirgí nó seirbhísí árachais nó athárachais a eisiamh ó ríomh an táscaire gnó.

2. Chun críocha Airteagal 314(7), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní dhéanfaidh institiúidí na hítimí seo a leanas a eisiamh ó ríomh an táscaire gnó, i gcás ina dtugtar cuntas orthu mar chostais riaracháin:

   (a) táillí seachfhoinsithe arna n-íoc as seirbhísí airgeadais a sholáthar;

   (b) costais léasa;

   (c) costais riaracháin, lena n-áirítear costais foirne, mar thoradh ar theagmhais riosca oibriúcháin.

3. Chun críocha Airteagal 314(7), pointí (f) agus (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní dhéanfaidh institiúidí na hítimí seo a leanas a eisiamh ó ríomh an táscaire gnó, i gcás ina mbaineann siad le sócmhainní léasa nó i gcás ina bhfuil siad mar thoradh ar theagmhais riosca oibriúcháin:

   (a) dímheas sócmhainní inláimhsithe;

   (b) amúchadh sócmhainní doláimhsithe;

   (c) lagú nó cealú lagaithe.

## TEIDEAL III
## COIGEARTUITHE AR AN TÁSCAIRE GNÓ

*Airteagal 17*

**Na coigeartuithe ar an táscaire gnó a ríomh i gcás cumasc agus éadálacha**

1. Agus a dtáscaire gnó á ríomh acu, cuirfidh institiúidí ítimí eintiteas nó gníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc san áireamh, bunaithe ar ráitis airgeadais iniúchta stairiúla. Maidir le héadálacha gníomhaíochtaí nár leagadh síos ráitis airgeadais thiomnaithe go stairiúil maidir leo, bunóidh institiúidí an ríomh ar an bhfaisnéis airgeadais stairiúil a úsáidtear chun an luacháil deiridh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht a fuarthas.

2. Na hinstitiúidí ar féidir leo a chruthú nach bhfuil na ráitis airgeadais iniúchta stairiúla nó an fhaisnéis airgeadais stairiúil a bhaineann leis an ngníomhaíocht nó leis an eintiteas arna fháil nó arna chumasc ar fáil nó cruinn, áireoidh siad eintitis nó gníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc i ríomh a dtáscaire gnó, agus úsáid á baint as táscaire gnó na hinstitiúide arna iolrú faoin bhfachtóir cumasc agus éadálacha, a ríomhfar i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas agus ar bhonn na faisnéise airgeadais is cruinne agus is deireanaí atá ar fáil i ndáil leis an eintiteas nó leis an ngníomhaíocht sin, lena n-áirítear an feidhmiú airgeadais leanúnach bliantúlaithe:

$$An\ fachtóir\ cumasc\ agus\ éadálacha = \frac{Glanioncam\ Oibriúcháin\ Institiúide\ +\ Glanioncam\ Oibriúcháin\ Eintitis/Gníomhaíochta}{Glanioncam\ Oibriúcháin\ Institiúide}$$

i gcás ina ríomhtar *Glanioncam Oibriúcháin* mar a ríomhtar i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún[4] (FINREP F02.00_r355_c010).

3. I gcás nach bhfuil cur chuige an fhachtóra cumasc agus éadálacha indéanta mar gheall ar easpa sonraí, déanfaidh institiúidí eintitis nó gníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc a chur san áireamh i ríomh a dtáscaire gnó trí úsáid a bhaint as réamhaisnéisí airgeadais i ndáil leis an eintiteas nó leis an ngníomhaíocht sin bunaithe ar fhaisnéis a úsáidtear don luacháil deiridh.

4. Úsáidfidh institiúidí a ráitis airgeadais iniúchta chun an táscaire gnó a ríomh in ionad an chur chuige dá dtagraítear i mír 2 a luaithe a bheidh an t-eintiteas nó an ghníomhaíocht arna fáil nó arna cumasc san áireamh go hiomlán i ráitis airgeadais na n-institiúidí.

5. Cuirfidh institiúidí aon choigeartú ar tháscaire gnó i bhfeidhm freisin i gcomhréir le míreanna 1 go 4 ar leibhéal a máthairghnóthais i gcás ina bhfuil an máthairghnóthas sin faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 de bhun Airteagal 11 den Rialachán sin.

6. Tabharfaidh institiúidí fógra dá n-údarás inniúil maidir lena bplean chun eintitis nó gníomhaíochtaí atá le fáil nó le cumasc a chur san áireamh i ríomh an táscaire gnó, i gcomhréir leis na modhanna dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3. Tabharfaidh institiúidí an fógra sin gan mhoill agus ar a dhéanaí tráth a chuirfear na heintitis nó na gníomhaíochtaí atá le fáil nó le cumasc san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 315(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus cuirfidh siad i láthair na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin mar a ríomhtar i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo.

*Airteagal 18*

**Uainiú le haghaidh na gcoigeartuithe ar an táscaire gnó tar éis cumasc agus éadálacha**

Cuirfidh institiúidí san áireamh na coigeartuithe dá dtagraítear in Airteagal 17 ar an gcéad dáta tíolactha maidir le tuairisciú is infheidhme faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 tar éis an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc nó leis an éadáil.

*Airteagal 19*

**Nós imeachta um chead a dheonú chun na méideanna sin a bhaineann le heintitis dhiúscartha nó le gníomhaíochtaí diúscartha a eisiamh ón táscaire gnó**

1. Féadfaidh údaráis inniúla cead dá dtagraítear in Airteagal 315(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a thabhairt d'institiúidí tar éis dóibh anailís a dhéanamh ar phróifíl riosca oibriúcháin na n-ítimí seo a leanas:

   (a) an méid a chuir eintitis dhiúscartha nó gníomhaíochtaí diúscartha le caillteanais riosca oibriúcháin na hinstitiúide le 5 bliana airgeadais anuas ar a laghad;

   (b) aon socrú conarthach lena dtugann an institiúid nó aon eintiteas eile ina grúpa faoi chúiteamh nó slánú a sholáthar do cheannaitheoir na n-eintiteas diúscartha nó na ngníomhaíochtaí diúscartha maidir le caillteanais nó dliteanais amach anseo a eascraíonn as teagmhais riosca oibriúcháin a tharla roimh an diúscairt;

---

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/451 ón gCoimisiún (IO L 2024/3117, 27.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3117/oj).

(c) tionchar dhiúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí ar struchtúr bainistithe riosca oibriúcháin na hinstitiúide a bhainfeadh an bonn dá cumas an riosca oibriúcháin a shainaithint, a thomhas agus a mhaolú, lena n-áirítear athruithe ar chórais teicneolaíochta faisnéise, aistriú acmhainní, agus aon ghné athstruchtúrúcháin ábhartha eile.

2. Na hinstitiúidí a dhéanfaidh iarratas ar an gcead dá dtagraítear in Airteagal 315(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh siad na nithe seo a leanas faoi bhráid a n-údaráis inniúil:

(a) tuairisc ar dhiúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí, ar an réasúnaíocht a bhaineann léi agus ar na dátaí cur chun feidhme a bhaineann léi;

(b) anailís tionchair chainníochtúil ar dhiúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí ar cheanglais chaipitil um riosca oibriúcháin agus aon fhianaise thacaíochta, lena n-áirítear ráitis airgeadais iniúchta agus ráitis airgeadais *pro-forma* arna suí ag iniúchóir neamhspleách;

(c) mionsonraí na gcaillteanas riosca oibriúcháin a bhaineann leis an eintiteas nó leis an ngníomhaíocht a diúscraíodh le 10 mbliana airgeadais anuas, i gcás ina mbeidh fáil orthu;

(d) téarmaí agus coinníollacha dhiúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear aon fho-chomhaontú, agus anailís dhlíthiúil maidir le dliteanais a d'fhéadfaí a thabhú ó theagmhais a tharla roimh an diúscairt;

(e) deimhniú gur fhormheas an comhlacht bainistíochta diúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí, agus dáta an fhormheasa sin;

(f) anailís ar thionchar dhiúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí ar struchtúr bainistithe riosca oibriúcháin na hinstitiúide;

(g) aon doiciméad nó faisnéis bhreise lena gcruthaítear nach meastar go bhfuil an t-eintiteas nó na gníomhaíochtaí arna ndiúscairt ábhartha a thuilleadh maidir le próifíl riosca na hinstitiúide.

3. Cuirfidh institiúidí a n-iarraidh iomlán ar an gcead dá dtagraítear in Airteagal 315(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 faoi bhráid an údaráis inniúil ábhartha 90 lá ar a laghad roimh an dáta atá beartaithe don choigeartú ar an táscaire gnó.

4. Tabharfaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann freagra i scríbhinn ar iarraidh ar chead dá dtagraítear in Airteagal 315(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 laistigh de 90 lá ón doiciméadacht iomlán a thacaíonn leis an iarraidh sin a fháil.

*Airteagal 20*

**Nós imeachta maidir le cead a dheonú chun méideanna a bhaineann le heintitis dhiúscartha nó le gníomhaíochtaí diúscartha a eisiamh ón táscaire gnó i gcás ina bhfuil tionchar íseal ag na dífheistithe**

1. I gcás ina gcuirfear an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 19(2) isteach, measfar an cead dá dtagraítear in Airteagal 315(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bheith deonaithe i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) nach mó suim ghlanioncam oibriúcháin na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí diúscartha i rith bliain airgeadais ná 5 % de ghlanioncam oibriúcháin na hinstitiúide diúscartha i gcaitheamh na bliana airgeadais céanna;

(b) nach gcuireann an t-údarás inniúil in aghaidh na hiarrata i scríbhinn laistigh de 90 lá tar éis dó an doiciméadacht iomlán a thacaíonn le hiarraidh ar chead ó institiúid a fháil.

2. Déanfaidh institiúidí an ríomh dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), i ndeireadh na bliana airgeadais roimhe sin trí úsáid a bhaint as méid ghlanioncam oibriúcháin na n-eintiteas diúscartha nó na ngníomhaíochtaí diúscartha agus na hinstitiúide a rinne an diúscairt.

*Airteagal 21*

**An coigeartú ar an táscaire gnó a ríomh i gcás diúscairtí**

Féadfaidh institiúidí ar tugadh an cead dóibh dá dtagraítear in Airteagail 19 nó 20, de réir mar is infheidhme, méideanna an táscaire gnó a bhaineann leis na heintitis dhiúscartha nó leis na gníomhaíochtaí diúscartha le haghaidh na 3 bliana airgeadais is déanaí a eisiamh, bunaithe ar ráitis airgeadais iniúchta na n-eintiteas sin nó ar an bhfaisnéis airgeadais a úsáideadh chun luacháil deiridh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin.

*Airteagal 22*

**Uainiú le haghaidh coigeartuithe ar tháscairí gnó i gcás diúscartha**

Féadfaidh institiúidí ar tugadh an cead dóibh dá dtagraítear in Airteagail 19 nó 20, de réir mar is infheidhme, a dtáscaire gnó a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 21. Tuairisceoidh na hinstitiúidí sin na ceanglais chaipitil athbhreithnithe um rioscaí oibriúcháin ar an dáta tíolactha tuairiscithe is infheidhme seo a leanas mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117.

## CUID II

## Tacsanomaíocht caillteanas riosca oibriúcháin, coinníollacha faoina bhféadfar a mheas go bhfuil 'ualach míchuí' ag baint le ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúil, ríomh an tacair sonraí maidir le caillteanas agus coigeartuithe ar an tacar sonraí maidir le caillteanas sin

## TEIDEAL I

## Tacsanomaíocht na gcaillteanas rioscaí oibriúcháin

*Airteagal 23*

**Aicmiú teagmhas caillteanais**

1. Chun críocha Airteagal 317(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais i gcineál teagmhais Leibhéal 1 aonair i gcomhréir le hAirteagal 24 den Rialachán seo agus i gcatagóir Leibhéal 2 aonair i gcomhréir le hAirteagail 25 go 31 den Rialachán seo. I gcás ina dtagann teagmhas caillteanais faoi chineálacha iomadúla teagmhas Leibhéal 1 nó faoi chatagóirí iomadúla Leibhéal 2, aicmeoidh institiúidí an teagmhas sin sa chineál teagmhais Leibhéal 1 nó sa chatagóir Leibhéal 2 is ábhartha.

2. Sannfaidh institiúidí na saintréithe uile is infheidhme do gach teagmhas caillteanais i gcomhréir le hAirteagal 32.

3. Ní dhéanfaidh institiúidí caillteanais a aisghabhtar go hiomlán laistigh de 5 lá oibre a áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas. I gcás ina mbeidh an aisghabháil páirteach, ní áireoidh institiúidí sa chaillteanas comhlán dá dtagraítear in Airteagal 318(1) de

Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ach an chuid sin den chaillteanas nach n-aisghabhtar laistigh de 5 lá oibre.

4. Na caillteanais atá ann mar thoradh ar gach díospóid agus socraíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear socraíochtaí cúirte sainordaithe agus díospóidí agus socraíochtaí lasmuigh den chúirt araon, déanfaidh institiúidí iad a mheas mar theagmhais chaillteanais de dheasca imeachtaí dlíthiúla.

*Airteagal 24*

**Aicmiú Leibhéal 1**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais i gceann amháin de na cineálacha teagmhas Leibhéal 1 seo a leanas:

| Aicmiú chineál teagmhais Leibhéal 1 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|
| Calaois inmheánach | Caillteanais mar gheall ar ghníomhartha de chineál atá beartaithe chun calaois a dhéanamh ar mhaoin agus chun maoin a mhídhílsiú, gan teagmhais éagsúlachta/idirdhealaithe a áireamh, a bhaineann le páirtí inmheánach amháin ar a laghad (i.e. páirtí a bhfuil caidreamh díreach aige leis an institiúid nó a bhfuil an institiúid faoi dhliteanas comhpháirteach ina leith), lena n-áirítear cásanna ina bhfuil an páirtí inmheánach ag gníomhú i gclaonpháirteachas le páirtithe seachtracha. | 1 |
| Calaois sheachtrach | Caillteanais mar gheall ar ghníomhartha de chineál atá beartaithe chun calaois a dhéanamh ar mhaoin agus chun maoin a mhídhílsiú, a rinne páirtí seachtrach gan rannpháirtíocht páirtí inmheánaigh. | 2 |
| Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre | Caillteanais a eascraíonn ó ghníomhartha atá ar neamhréir le dlíthe nó le comhaontuithe fostaíochta nó sláinte agus sábháilteachta, agus a eascraíonn ó éilimh chun díobháil phearsanta a ghnóthú a íoc, nó ó theagmhais éagsúlachta/idirdhealaithe maidir le fostaithe. | 3 |
| Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó | Cé is moite de chalaois toisc nár comhlíonadh oibleagáid ghairmiúil i leith cliant sonrach (lena n-áirítear ceanglais mhuiníneacha agus oiriúnachta), caillteanais ó chleachtais gnó nó ó chineál nó ó dhearadh táirge. | 4 |

| | | |
|---|---|---|
| Damáiste do shócmhainní fisiceacha | Caillteanais a eascraíonn ó chaillteanas nó ó dhamáiste do shócmhainní fisiceacha, d'fhostaithe nó do chleamhnaithe na hinstitiúide, do shócmhainní poiblí nó do dhaoine neamhchleamhnaithe a bhfuil an institiúid faoi dhliteanas ina leith, mar gheall ar thubaistí nádúrtha nó ar theagmhais eile, lena n-áirítear timpistí, damáiste toiliúil, cogadh, suaitheadh sibhialta, círéibeacha agus sceimhlitheoireacht. | 5 |
| Míshocracht gnó agus teipeanna córais | Caillteanais a eascraíonn ó mhíshocracht ghnó nó ó theipeanna córais | 6 |
| Forghníomhú, seachadadh agus bainistiú próisis | Caillteanais ó phróiseáil ar idirbhirt theipthe nó ó bhainistiú próisis agus ó bhainistiú sonraí, ó chaidreamh le contrapháirtithe trádála, le díoltóirí agus le húdaráis rialála agus chánach. | 7 |

*Airteagal 25*

**Aicmiú Leibhéal 2 le haghaidh chineál teagmhais Leibhéal 1 - Calaois inmheánach**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais arna aicmiú mar Chalaois inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 24 i gceann de na catagóirí Leibhéal 2 seo a leanas:

| Calaois inmheánach Aicmiú Leibhéal 2 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|
| Breabaireacht agus éilliú | Breabaireacht nó éilliú ó pháirtí inmheánach de chuid na hinstitiúide. | 1.1 |
| Calaois inmheánach a rinneadh in aghaidh na hinstitiúide | Calaois a rinne páirtí inmheánach in aghaidh na hinstitiúide. Áirítear sa chatagóir seo gadaíocht nó ionramháil sonraí agus teagmhais trádála bradacha, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar trí thrádáil cos istigh agus ionramháil suíomhanna, rioscaí agus cuntas brabúis agus caillteanais. | 1.2 |
| Calaois inmheánach a dhéantar in aghaidh páirtithe leasmhara eile | Calaois a déanann páirtí inmheánach in aghaidh pháirtithe seachtracha na hinstitiúide, lena n-áirítear cliaint agus tríú páirtithe. Áirítear sa chatagóir seo gadaíocht nó ionramháil sonraí agus teagmhais trádála bradacha, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar trí thrádáil cos istigh agus ionramháil suíomhanna, rioscaí agus cuntas brabúis agus | 1.3 |

| | | |
|---|---|---|
| | caillteanais. | |

*Airteagal 26*

**Aicmiú Leibhéal 2 le haghaidh chineál teagmhais Leibhéal 1 - Calaois sheachtrach**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais arna aicmiú mar chalaois sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 24 i gceann amháin de na catagóirí Leibhéal 2 seo a leanas:

| Calaois sheachtrach Aicmiú Leibhéal 2 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|
| Calaois a dhéanann cliaint de chuid na hinstitiúide | Gníomhartha calaoiseacha nach mbaineann le gadaíocht sonraí ná le hionramháil sonraí a rinne cliant de chuid na hinstitiúide, fiú i gclaonpháirteachas le duine eile. | 2.1 |
| Calaois nach ndéanann cliaint de chuid na hinstitiúide | Gníomhartha calaoiseacha nach mbaineann le gadaíocht sonraí ná le hionramháil sonraí agus nach ndearna cliant de chuid na hinstitiúide, lena n-áirítear trí bhíthin céannacht duine aineolaigh eile. | 2.2 |
| Gadaíocht sonraí agus ionramháil sonraí | Sonraí a goideadh ó chórais bhainc nó a ndearnadh ionramháil mhailíseach orthu i gcórais bhainc ar bhealach ar bith, lena n-áirítear cibir-ionsaithe. Cumhdaítear leis sin gach cineál sonraí, e.g. sonraí cliant, sonraí fostaithe, agus sonraí dílseánaigh na hinstitiúide. | 2.3 |
| Robáil, buirgléireacht agus gadaíocht sócmhainní fisiceacha | Robáil, buirgléireacht agus gadaíocht sócmhainní fisiceacha ag páirtí seachtrach. | 2.4 |

*Airteagal 27*

**Aicmiú Leibhéal 2 le haghaidh chineál teagmhais Leibhéal 1 - Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais arna aicmiú mar Chleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre i gcomhréir le hAirteagal 24 i gceann amháin de na catagóirí Leibhéal 2 seo a leanas:

| Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre Aicmiú Leibhéal 2 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| Easnamhach cleachtas fostaíochta | Caillteanais a eascraíonn as sáruithe ar reachtaíocht fostaíochta nó ar cheanglais rialála (lena n-áirítear drochíde iarbhír nó bhraite d'fhostaithe ar féidir í a rianú go dtí sárú rialála amhail dífhostú éagórach, ciapadh); caidreamh fostaíochta neamhéifeachtach (lena n-áirítear gníomhaíocht thionsclaíoch, amhail stailceanna, díospóidí cúirte, agus bainistíocht neamhéifeachtach ar chaidreamh ceardchumainn/grúpa fostaithe); teagmhais éagsúlachta agus idirdhealaithe i leith fostaithe. | 3.1 |
| Sábháilteacht easnamhach san ionad oibre | Caillteanais a eascraíonn as sábháilteacht neamhéifeachtach san ionad oibre agus as sárú ar rialacha sláinte agus sábháilteachta fostaithe. | 3.2 |

*Airteagal 28*

**Aicmiú Leibhéal 2 le haghaidh chineál teagmhais Leibhéal 1 - Cliaint ,táirgí agus cleachtais ghnó**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais arna aicmiú mar Chliaint, táirgí agus cleachtais ghnó i gcomhréir le hAirteagal 24 i gceann amháin de na catagóirí Leibhéal 2 seo a leanas:

| Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó Aicmiú Leibhéal 2 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|
| Drochíde cliaint / Gan dualgais i leith an chustaiméara a chomhlíonadh | Iompar míchuí i leith custaiméirí agus gan dualgais i leith custaiméirí a urramú agus a chomhlíonadh, bíodh sin iarbhír nó féideartha. | 4.1 |
| Sárú ar phríobháideachas sonraí / Míbhainistiú rúndachta | Nochtadh míchuí nó mí-úsáid faisnéise rúnda. | 4.2 |
| Cleachtais mhargadh mhíchuí, In aghaidh Trustaí / Frithiomaíocht | Gníomhaíochtaí gnó a dhéanamh a sháraíonn rialacha agus caighdeáin trádála, lena n-áirítear gach cineál drochúsáide agus ionramhála margaidh.<br>Sáruithe ar dhlíthe in aghaidh trustaí nó ar dhlíthe iomaíochta i gcás nach ngníomhaíonn an institiúid i gcomhréir le leas na gcliant. | 4.3 |
| Dáileachán míchuí agus margaíocht, lena n-áirítear Cliseadh Seirbhíse díolacháin | Modhanna míchuí/neamhleor chun táirgí agus seirbhísí a dháileadh agus cleachtais mhargaíochta dhíreacha mhíchuí/neamhchruinne.<br>Áirítear le teip seirbhíse díolacháin teip seirbhíse | 4.4 |

| | | |
|---|---|---|
| | réamhdhíola agus teip seirbhíse iardhíola araon. Teip réamhdhíola is ea seirbhísí easnamhacha/míchuí do chliaint roimh dhíolacháin, lena n-áirítear mídhíol agus gan comhairle leordhóthanach a sholáthar. Tagraíonn teip iardhíola do sheirbhísí easnamhacha/míchuí do chliaint tar éis díolachán, lena n-áirítear gan freagra a thabhairt ar ghearáin ó chliaint maidir le drochsheirbhísí díolacháin laistigh de na hamlínte arna sainiú ag an rialtóir | |
| Coireacht airgeadais | An riosca go dtarlódh sciúradh airgid, cliseadh maidir le 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí' agus sáruithe ar smachtbhannaí. Áirítear sa chatagóir seo:<br>(a) gan na srianta a fhorchuirtear le smachtbhannaí a chomhlíonadh, lena n-áirítear teagmhais riosca oibriúcháin mar gheall ar idirbhearta iomrallacha a bhaineann le tíortha atá faoi smachtbhannaí;<br>(b) rannpháirtíocht i sciúradh airgid agus i maoiniú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear teipeanna sa phróiseas 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí'. | 4.5 |
| Sáruithe ar reacht agus ar rialacháin, seachas iad siúd a shanntar go sonrach do chineálacha nó do chatagóirí eile teagmhas | Sárú ar aon oibleagáid dhlíthiúil nó rialála, seachas iad sin a shanntar go sonrach do chineálacha nó do chatagóirí eile teagmhas, lena n-áirítear oibleagáidí dlíthiúla na hinstitiúide agus na hoibleagáidí a fhorchuireann na húdaráis rialála agus chánach.<br>Áirítear sa chatagóir seo:<br>(a) oibriú gan an t-údarú, an ceadúnas, an deimhniú nó an clárú is gá;<br>(b) Imghabháil cánach<br>I gcás ina ndéantar imghabháil cánach chun an rialachán cánach a shárú go comhfhiosach, sannfaidh institiúidí an teagmhas caillteanais do theagmhas 1.3. | 4.6 |
| Dearadh míchuí táirgí agus seirbhísí | Lochtanna i ndearadh táirgí nó seirbhísí atá dírithe ar chliaint ionas nach gcomhlíonann dearadh táirge/seirbhíse riachtanais cliaint. | 4.7 |
| Modheolaíocht de réir samhla | Caillteanais mar gheall ar earráidí sa tsamhail féin, lena n-áirítear dearadh na samhla, foirmlí míchearta, modheolaíocht mhícheart agus toimhdí foluiteacha míchearta. I gcás ina bhfuil | 4.8 |

| | | |
|---|---|---|
| | córais na hIntleachta Saorga (IS) ina gcomhpháirteanna den tsamhail, d'fhéadfadh earráid mar gheall ar an teicneolaíocht sin teacht faoi raon feidhme riosca de thairbhe an tsamhaltaithe. | |

*Airteagal 29*

**Aicmiú Leibhéal 2 le haghaidh chineál teagmhais Leibhéal 1 - Damáiste do shócmhainní fisiceacha**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais arna aicmiú mar Dhamáiste do shócmhainní fisiceacha i gcomhréir le hAirteagal 24 i gceann amháin de na catagóirí Leibhéal 2 seo a leanas:

| Damáiste do shócmhainní fisiceacha Aicmiú Leibhéal 2 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|
| Tubaistí nádúrtha | Caillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha, lena n-áirítear teagmhais phaindéimeacha. | 5.1 |
| Imeachtaí seachtracha eile | Caillteanais mar gheall ar theagmhais eile, lena n-áirítear timpistí, damáiste toiliúil, cogadh, suaitheadh sibhialta, círéibeacha agus sceimhlitheoireacht. Ní dhéanfar teagmhais maidir le míshocracht gnó, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as infhaighteacht an lucht saothair, a mhapáil sa chatagóir seo. | 5.2 |

*Airteagal 30*

**Aicmiú Leibhéal 2 le haghaidh chineál teagmhais Leibhéal 1 - Míshocracht gnó agus teipeanna córais**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais arna aicmiú mar Mhíshocracht gnó agus teipeanna córais i gcomhréir le hAirteagal 24 i gceann amháin de na catagóirí Leibhéal 2 seo a leanas:

| Míshocracht gnó agus teipeanna córais Aicmiú Leibhéal 2 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|
| Cliseadh bonneagair agus teip córais | Cliseadh bonneagair agus teip córais mar gheall ar theipeanna feidhmchláir inmheánaigh, teipeanna córais ghréasáin inmheánigh agus faisnéise agus teipeanna tacaíochta, teipeanna fóntais agus tacaíochta seachtraí, teipeanna bonneagair, teipeanna clár athraithe TFC. | 6.1 |
| Míshocracht gnó | Míshocracht gnó mar gheall ar infhaighteacht lucht saothair, infhaighteacht san ionad oibre. | 6.2 |

*Airteagal 31*

**Aicmiú Leibhéal 2 le haghaidh chineál teagmhais Leibhéal 1 - Forghníomhú, seachadadh agus bainistiú próisis**

Aicmeoidh institiúidí gach teagmhas caillteanais arna aicmiú mar Fhorghníomhú, seachadadh agus bainistiú próisis i gcomhréir le hAirteagal 24 i gceann amháin de na catagóirí Leibhéal 2 seo a leanas:

| Forghníomhú, seachadadh agus bainistiú próisis Aicmiú Leibhéal 2 | Tuairisc | Uimhir thagartha |
|---|---|---|
| Teipeanna próiseála/forghníomhaithe | Gan idirbhearta (lena n-áirítear caillteanais mar gheall ar earráid chlóscríofa) nó próisis eile (lena n-áirítear cláir um athrú, atá éagsúil leis na cláir TFC) a phróiseáil, a bhainistiú agus a fhorghníomhú i gceart nó go hiomchuí. | 7.1 |
| Míbhainistiú cuntas cliant | Bainistíocht easnamhach ar phunann/infheistíochtaí cliant, lena n-áirítear rochtain neamhcheadaithe arna tabhairt ar chuntais, taifid mhíchearta cliant (caillteanas arna thabhú), caillteanas faillíoch nó damáiste do shócmhainní cliant. | 7.2 |
| Mainneachtain ceart/oibleagáide | Gan an nós imeachta iomchuí a leanúint chun próisis dhlíthiúla a láimhseáil. Gan cearta/oibleagáidí conarthacha agus neamhchonarthacha a bhainistiú mar is ceart. Áirítear sa chatagóir seo gach earráid forghníomhaithe a bhaineann le nósanna imeachta agus próisis dhlíthiúla, lena n-áirítear maidir le tuairisciú do pháirtithe seachtracha, amhail údaráis chánach agus rialála. Ní áirítear léi sáruithe ar oibleagáidí dlíthiúla, díospóidí dlíthiúla agus dlíthíochtaí na heagraíochta. | 7.3 |
| Bainistiú sonraí | Gan sonraí a bhainistiú agus a choinneáil ar bun go hiomchuí, lena n-áirítear gach cineál sonraí, mar shampla, sonraí cliant, sonraí fostaithe, agus sonraí dílseánaigh na heagraíochta, ach lena n-eisiatar sáruithe ar phríobháideachas sonraí agus míbhainistiú rúndachta. | 7.4 |
| Samhail a chur chun feidhme agus a úsáid | Samhail a chur chun feidhme go mícheart, cé go bhféadfadh an tsamhail sin a bheith ceart.<br>Samhail a úsáid i gcomhthéacs mícheart, cé go bhféadfadh an tsamhail sin a bheith ceart agus í curtha chun feidhme mar is ceart. | 7.5 |

*Airteagal 32*
**Saintréithe**

1. Sannfaidh institiúidí do gach teagmhas caillteanais na saintréithe uile is infheidhme as measc na saintréithe seo a leanas:

| Saintréithe | Tuairisc |
|---|---|
| Riosca dlíthiúil – Mí-iompar | Mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (52a), (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| Riosca dlíthiúil – Seachas Mí-iompar | Mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (52a)(a), (b), (c), (e), (f) agus (g) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| Riosca de thairbhe an tsamhaltaithe | Mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (52b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 |
| Riosca TFC – nach mbaineann leis an Cibearshlándáil | Mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (52c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gan caillteanais ó chibir-ionsaithe a áireamh. |
| Riosca TFC – a bhaineann leis an gCibearshlándáil | Caillteanais a spreag cibir-ionsaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (14), de Rialachán (AE) 2022/2554; |
| Riosca creidmheasa (i gcás nach n-áirítear é i sócmhainní atá ualaithe ó thaobh riosca creidmheasa) | Caillteanais riosca oibriúcháin a bhaineann le sócmhainní creidmheasa, lena n-áirítear calaoisí creidmheasa (a rinne an cliant ar a chuntas féin nó a rinne tríú páirtí trí ghoid chéannachta), conarthaí creidmheasa neamh-infhorfheidhmithe nó teipeanna comhthaobhachta, nár íocadh agus nach dtugtar cuntas orthu sa mhéid neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh riosca creidmheasa. |
| Riosca margaidh | Déanfar na teagmhais seo a leanas, agus na caillteanais ghaolmhara, a aicmiú mar riosca oibriúcháin a bhaineann le hidirbhearta airgeadais agus riosca margaidh:<br>(a) teagmhais mar gheall ar earráidí oibriúcháin agus earráidí maidir le hionchur sonraí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:<br>(i) clistí agus earráidí le linn orduithe a thabhairt isteach nó a fhorghníomhú;<br>(ii) caillteanas sonraí nó míthuiscint ar an sreabhadh sonraí ó oifigí tosaigh go lároifigí agus cúloifigí na hinstitiúide;<br>(iii) earráidí san aicmiú;<br>(iv) sonrú mícheart ar idirbheart sa bhileog téarmaí, lena n-áirítear earráidí a bhaineann le méid, aibíochtaí agus gnéithe airgeadais an idirbhirt;<br>(b) teagmhais mar gheall ar chlistí sna rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:<br>(i) gan ordú a fhorghníomhú mar is ceart chun |

| | |
|---|---|
| | suíomh ar an margadh a leachtú i gcás gluaiseachtaí díobhálacha praghsanna;<br>(ii) suíomhanna neamhúdaraithe arna nglacadh os cionn na dteorainneacha leithdháilte, gan beann ar an gcineál riosca lena mbaineann siad;<br>(c) teagmhais mar gheall ar cháilíocht sonraí easnamhach agus gan timpeallacht TF a bheith ar fáil, lena n-áirítear neamh-infhaighteacht theicniúil rochtana ar an margadh as a n-eascraíonn neamhábaltacht conarthaí a dhúnadh. |
| Riosca Tríú Páirtí | Caillteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn d'institiúid i ndáil leis an úsáid a bhaineann sé as seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí tríú páirtí nó fochonraitheoirí de chuid an tsoláthraí sin, lena n-áirítear trí shocruithe seachfhoinsithe;<br>Ar na caillteanais sin, áirítear caillteanais mar gheall ar chlistí maidir le caidrimh agus rioscaí tríú páirtí a bhainistiú go hiomchuí, lena n-áirítear creat rialaithe tríú páirtí leormhaith a fhorbairt agus a choinneáil ar bun (lena n-áirítear dícheall cuí lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse tríú páirtí a roghnú, faireachán leanúnach) nó socruithe conarthacha/comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse leormhaithe a shainiú agus a chur chun feidhme. |
| Rioscaí comhshaoil, sóisialta, agus rialachais | Caillteanais a d'fhéadfadh eascairt as rioscaí comhshaoil, fisiceacha agus aistrithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointí (52e), (52f), agus (52 g) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Caillteanais a d'fhéadfadh eascairt as rioscaí sóisialta agus rialachais, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointí (52h) agus (52i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| Riosca glas-snasaithe | Áirítear le raon feidhme an chur i bhfeidhm riosca glas-snasaithe, agus tagairt á déanamh do na caillteanais a eascraíonn as cleachtais nach ndéanann ráitis, dearbhuithe, gníomhaíochtaí nó teachtaireachtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht próifíl inbhuanaitheachta fholuiteach eintitis, táirge airgeadais, nó seirbhísí airgeadais a léiriú go soiléir agus go cothrom. D'fhéadfadh na cleachtais sin a bheith míthreorach do thomhaltóirí, d'infheisteoirí nó do rannpháirtithe eile sa mhargadh. |
| Leanúnachas gnó | I gcás nach ndéantar creat iomchuí bainistithe leanúnachais gnó agus bainistithe teagmhas a sholáthar agus a choinneáil ar bun (lena n-áirítear leanúnachas gnó TFC agus gnéithe athshlánaithe agus freagartha TFC dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 de Rialachán (AE) 2022/2554), agus |

| | |
|---|---|
| | in Airteagail 24, 25 agus 26 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1774 ón gCoimisiún[5], lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó easnamhacha. |
| Miondíol (lena n-áirítear baincéireacht agus bróicéireacht mhiondíola) | Teagmhais agus caillteanais oibríochtúla a bhaineann le cliaint mhiondíola, lena n-áirítear:<br>(a) daoine nádúrtha;<br>(b) FBManna (fiontair bheaga agus mheánmhéide) mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (9), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Ar liosta na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsaintréith sin, áirítear an méid seo a leanas:<br>(a) baincéireacht mhiondíola agus phríobháideach: iasachtú agus taiscí, cuntais idirbheartaíochta agus choigiltis, seirbhísí UMBanna, seirbhísí baincéireachta, léasú airgeadais, ráthaíochtaí agus gealltanais, iontaobhais agus eastáit, comhairle infheistíochta, seirbhísí cártaí (cártaí dochair agus creidmheasa, cártaí ceannaí/tráchtála/corparáideacha, lipéid phríobháideacha);<br>(b) bróicéireacht mhiondíola: orduithe cliant a ghlacadh, a tharchur agus a fhorghníomhú, ionstraimí airgeadais a chur gan bonn ceangaltais dhaingin a bheith leo. |
| Trádáil agus díolacháin | Teagmhais agus caillteanais oibríochtúla a bhaineann le gníomhaíochtaí lena n-áirítear sreabhadh gnó agus díolacháin, bróicéireacht, cruthú margaidh, státchiste, suíomh a ghlacadh, agus suíomhanna dílsithe arna mbainistiú ag deasca trádála, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (144), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Ar liosta na dtáirgí a bhaineann leis an tsaintréith sin, áirítear an méid seo a leanas:<br>(a) cothromais: punanna agus innéacsanna cothromais;<br>(b) trádáil ioncaim sheasta agus creidmheasa;<br>(c) malairt eachtrach;<br>(d) tráchtearraí agus táirgí fuinnimh;<br>(e) margadh airgid, maoiniú, idirbhearta athcheannaigh agus iasacht urrús;<br>(f) díorthaigh. |
| Baincéireacht tráchtála | Teagmhais agus caillteanais oibríochtúla a bhaineann le gníomhaíochtaí lena n-áirítear iasachtú agus taiscí, |

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1774 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear uirlisí, modhanna, próisis agus beartais bainistithe riosca TFC agus an creat bainistíochta riosca TFC simplithe (IO L, 2024/1774, 25.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2024/1774/oj?eliuri=eli%3Areg_del%3A2024%3A1774%3Aoj&locale=ga).

| | |
|---|---|
| | ráthaíochtaí, léasú agus fachtóireacht, maoiniú trádála, maoiniú tionscadail, réadmhaoin. |
| Réimeanna gnó eile (lena n-áirítear maoiniú corparáideach, íocaíocht agus socraíocht, bainistiú sócmhainní, seirbhísí gníomhaireachta, ítimí corparáideacha) | Áirítear leis an tsaintréith sin na teagmhais agus na caillteanais oibríochtúla atá fágtha a bhaineann le gníomhaíochtaí, cé is moite díobh siúd dá dtagraítear sna saintréithe Miondíola, Trádála agus díolacháin, agus Baincéireachta tráchtála, lena n-áirítear an méid seo a leanas:<br>(a) maoiniú corparáideach: cumaisc agus éadálacha, frithghealladh, príobháidiú, urrúsú, tairiscint tosaigh don phobal agus láithrithe príobháideacha, seirbhísí comhairleacha, airgeadas bardasach agus rialtais, baincéireacht mharsantach;<br>(b) íocaíochtaí agus socraíochtaí do chliaint sheachtracha: íocaíochtaí agus bailiúcháin, aistriú cistí, imréiteach agus socraíocht airgid agus urrús; beidh caillteanais íocaíochta agus socraíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí na hinstitiúide féin ionchorpraithe sa réim ghnó lena mbaineann;<br>(c) seirbhísí gníomhaireachta do chuntas cliant: seirbhísí cumhdaigh (eascró, admhálacha taisclainne, gníomhaíochtaí corparáideacha, etc.), iontaobhas corparáideach agus gníomhaireacht (gníomhairí eisiúna agus íocaíochta);<br>(d) bainistiú sócmhainní; bainistiú cistí lánroghnacha agus neamh-lánroghnacha, lena n-áirítear bainistiú punainne (comhthiomsaithe, leithscartha, miondíola, institiúideach, dúnta, oscailte, cothromas príobháideach)<br>(e) ítimí corparáideacha: i gcás ítimí ar an leibhéal corparáideach amháin, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann difear don Bhord Stiúrthóirí, ráitis airgeadais ina ndéantar míthuairisciú, nó imeachtaí eile nach féidir a chatagóiriú ach ag an lárionad corparáideach. |

2. De mhaolú ar mhír 1, sannfaidh institiúidí saintréith amháin ar a laghad do gach teagmhas caillteanais as measc ‘Miondíol (lena n-áirítear baincéireacht agus bróicéireacht mhiondíola)’, ‘Trádáil agus díolacháin’, ‘Baincéireacht tráchtála’ agus ‘Réimeanna gnó eile (lena n-áirítear maoiniú corparáideach, íocaíocht agus socraíocht, bainistiú sócmhainní, seirbhísí gníomhaireachta, ítimí corparáideacha)’.

3. De mhaolú ar mhír 1, sannfaidh institiúidí na saintréithe ‘Riosca dlíthiúil – Mí-iompar’, ‘Riosca dlíthiúil – Seachas mí-iompar’ agus ‘Riosca de thairbhe an tsamhaltaithe’ do chineálacha teagmhas Leibhéal 1 agus do chatagóirí Leibhéal 2 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 33*

**An tacar sonraí maidir le caillteanas a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach**

1. Sannfaidh institiúidí teagmhais chaillteanais do chineálacha ábhartha teagmhas Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 24 ón 1 Eanáir 2016.
2. Féadfaidh institiúidí teagmhais chaillteanais a shannadh do chatagóirí ábhartha Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagail 25 go 31 ón 1 Eanáir 2025.
3. Féadfaidh institiúidí saintréithe a shannadh do theagmhais chaillteanais i gcomhréir le hAirteagail 32 ón 1 Eanáir 2025 ar a laghad.

**Teideal 2**

**Coinníollacha faoina measfar go bhfuil 'ualach míchuí' ag baint le ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin bhliantúil**

*Airteagal 34*

**Cumaisc agus éadálacha**

1. Chun críocha Airteagal 316(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, measfar ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin a bheith ina ualach míchuí ar feadh suas le 3 bliana airgeadais tar éis an dáta a thiocfaidh an cumasc nó an éadáil i bhfeidhm i gcás ina bhfuil táscaire gnó institiúide, de bharr an chumaisc nó na héadála sin, cothrom le EUR 750 milliún nó níos mó, ach i gcás nach mó ná EUR 1 bhilliún é.
2. Déanfar an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a laghdú suas le 2 bhliain airgeadais tar éis bailchríoch dhlíthiúil a chur ar an gcumasc nó ar an éadáil i gcás inar ríomh ceann amháin ar a laghad de na hinstitiúidí a bhfuil baint acu leis an gcumasc nó leis an éadáil, ach nár ríomh siad uile, an caillteanas riosca oibriúcháin sa bhliain roimh an oibríocht.
3. I gcás inar ríomh gach ceann de na hinstitiúidí atá páirteach sa chumasc nó san éadáil an caillteanas riosca oibriúcháin an bhliain roimh an oibríocht, ní mheasfar go mbeidh ríomh chaillteanas riosca oibriúcháin na hinstitiúide a thiocfaidh as an gcumasc nó as an éadáil ina ualach míchuí.

*Airteagal 35*

**Táscaire gnó atá cothrom le EUR 750 milliún nó níos mó, ar bhonn sealadach, agus nach mó ná EUR 1 bhilliún é**

Chun críocha Airteagal 316(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, measfar ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin a bheith ina ualach míchuí ar institiúidí a bhfuil a dtáscaire gnó cothrom le EUR 750 milliún nó níos mó, ach nach mó ná EUR 1 bhilliún é, ar feadh ceithre dháta tuairiscithe as a chéile ar a mhéad nó ar feadh ocht ndáta tuairiscithe ar a mhéad sna fiche dáta tuairiscithe roimhe.

*Airteagal 36*

**Droichead-institiúid dá dtagraítear in Airteagal 40 de Threoir 2014/59/AE**

Chun críocha Airteagal 316(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, measfar ríomh an chaillteanais riosca oibriúcháin a bheith ina ualach míchuí ar dhroichead-institiúidí mar a

shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (59), de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

## Teideal 3
## Coigeartuithe ar an tacar sonraí maidir le caillteanas tar éis caillteanais ó eintitis nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil a chur san áireamh

### *Airteagal 37*
### Coigeartuithe ar an tacar sonraí maidir le caillteanas a bhaineann le caillteanais a ríomh agus tacsanomaíocht riosca

Déanfaidh institiúidí caillteanais a eascraíonn as eintitis nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil a thaifeadadh i dtacar sonraí caillteanais na hinstitiúide tuairiscithe leis na coigeartuithe is gá chun Airteagail 317 agus 318 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh.

### *Airteagal 38*
### Coigeartuithe ar an tacar sonraí maidir le caillteanas mar gheall ar dhifríochtaí airgeadra

I gcás nach ionann airgeadra na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil agus airgeadra na hinstitiúide éadála, cuirfidh institiúidí caillteanais a eascraíonn as eintitis nó gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil san áireamh sa tacar sonraí maidir le caillteanas agus an ráta malairte a úsáideadh i ndeireadh na bliana ábhartha á chur i bhfeidhm, le haghaidh gach ceann den fhuinneog 10 mbliana, i ráiteas airgeadais na hinstitiúide.

### *Airteagal 39*
### Na caillteanais a ríomh nuair nach bhfuil an institiúid éadála nó cumaisc in ann tacar sonraí caillteanais na hinstitiúide nó na ngníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc a chomhtháthú go pras

1. I gcás nár bhunaigh na heintitis nó na gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil tacar sonraí maidir le caillteanas nó nár choinnigh siad ar bun é toisc nach dtagann siad faoi raon feidhme Airteagal 317 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, féadfaidh an institiúid éadála an fhoirmle seo a leanas a úsáid chun an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 316 den Rialachán sin a ríomh:

$$Caillteanasrioscaoibriúchánbliantúil = \frac{CaillteanaisThuairiscithe}{CumhdachnagCaillteanasTuairiscithe}$$

i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas i gceist:

caillteanais thuairiscithe = caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí atá in ann an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a thuairisciú;

cumhdach na gcaillteanas tuairiscithe = $\frac{TáscaireGnónan\text{–}eintiteasnóna\ ngníomhaíochtaíatá\ inannnacaillteanaisrioscaoibriúcháinbhliantúlaa\ thuairisciú}{TáscaireGnónahinstitiúide}$

;

[6] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj?eliuri=eli%3Adir%3A2014%3A59%3Aoj&locale=ga).

táscaire gnó na hinstitiúide = an táscaire gnó a eascraíonn as comhdhlúthú na hinstitiúide éadála lena n-áirítear na heintitis nó na gníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc.

2. Féadfaidh an institiúid éadála an fhoirmle a leagtar amach i mír 1 a úsáid chun an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a ríomh ar feadh suas le 10 mbliana airgeadais roimh thabhairt i gcrích dhlíthiúil na héadála nó an chumaisc.

3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina dtagann na heintitis nó na gníomhaíochtaí arna gcumasc nó arna bhfáil faoi raon feidhme Airteagal 317 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ach nach bhfuil an institiúid éadála in ann a dtacar sonraí maidir le caillteanas a choigeartú go pras, féadfaidh an institiúid éadála sin an fhoirmle a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a úsáid chun an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 316 den Rialachán sin a ríomh ar feadh suas le 2 bhliain tar éis bailchríoch dhlíthiúil a chur ar an éadáil nó ar an gcumasc.

4. I gcás nach féidir leis an institiúid éadála an caillteanas riosca oibriúcháin bliantúil a leithdháileadh go pras le haghaidh cuid den institiúid nó de na gníomhaíochtaí arna bhfáil nó arna gcumasc, nó le haghaidh na hinstitiúide nó na ngníomhaíochtaí sin uile, de réir mhapáil na sonraí maidir le caillteanas stairiúil dá dtagraítear in Airteagal 317(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh an institiúid éadála sin caillteanais a leithdháileadh, ar feadh 2 bhliain ar a mhéad tar éis bailchríoch dhlíthiúil a chur ar an éadáil nó ar an gcumasc, de réir dháileadh na gcaillteanas san institiúid tuairiscithe.

# CUID III
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 40*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*